# E



10 - Mata gníomhach

11 - Spórt le mata

# Clár



| | |
|---|---|
| Ag caint fé Mhata | 2 |
| Mata laethúil | 3 |
| Cabhraigh le do pháiste le mata | 4-5 |
| Aird ar mhata | 6 |
| Mata sa mbaile | 7 |
| Breis ghníomhaíochtaí imeartha ag úsáid mata | 8 |
| Ag foghlaim ó chluichí | 9 |
| Cluichí cártaí | 10-10a |
| Cluichí cláir | 11 |
| Cluiche cláir | 12 |
| Spinéar | 13 |
| Míreanna mearaí | 14 |
| Ag imirt cluichí | 15 |





# Ag caint fé Mhata

Is mó focal is féidir leat a mhúineadh dod pháiste i dtaobh mata. Bí ag caint ar:


Am




Meáchan



Toise




Méid



Ord



Treo



- Spreag do pháiste le comparáidí agus codarsnachtaí a dhéanamh.
- Bí ag caint ar fhocail a bhaineann le mata i scéalta.
- Aimsigh focail a bhaineann le mata ar chomharthaí agus ar lipéidí.
- Cabhraigh le do pháiste na focail a bhaineann le mata a theastóidh uaidh don scoil a fhoghlaim.

# Mata laethúil

Úsáidimid mata i ngach sórt gníomhaíochta.

**Smaoinigh ar roinnt rudaí a dhéanann tú féin is do pháiste gach lá.**
Cé acu ina mbaintear úsáid as mata?

**Smaoinigh ar ghníomhaíochtaí imeartha.**
Cé na scileanna mata a úsáideann tú san imirt?

**Smaoinigh ar rímeanna, amhráin agus scéalta.**
Conas a bhaintear úsáid as mata sna gníomhaíochtaí sin?

**Smaoinigh ar shiúlóid timpeall an bhaile.**
Cén sampla de mhata a d'fhéadfá a fheiscint?

- An úsáideann tú uimhreacha?
- An gcuireann tú rudaí in ord?
- An socraíonn tú rudaí?
- An rannaíonn tú rudaí?
- An seiceáileann tú meáchain?
- An úsáideann tú treo?
- An gcomhairíonn tú rudaí?
- An gcuireann tú rudaí i gcomparáid?
- An meaitseáileann tú rudaí?
- An úsáideann tú toisí?
- An measann tú am?
- An smaoiníonn tú ar chrotanna?

**Gníomhaíochtaí mata is ea iad seo go léir.**

# Cabhraigh le do pháiste le mata

Díreach mar a fhoghlaimíonn páistí a lán i dtaobh a bheith ag léamh agus ag scríobh sula dtéann siad ar scoil, foghlaimíonn siad, leis, i dtaobh mata. Tré a bheith ag féachaint ar a dtuismitheoirí ag úsáid uimhreacha, agus a bheith ag éisteacht leo ag caint mar gheall orthu, is gairid go dtuigeann páistí go mbaineann tábhacht agus cuspóir áirithe le huimhreacha.

Seo duit, roinnt moltaí a chabhróidh le do pháiste agus é i mbun mata:

**Úsáid uimhreacha:**

Teastóidh a lán cleachtadh ar chomhaireamh sula dtagann tuiscint ar an tábhacht a bhaineann le huimhreacha.

- Aimsigh na huimhreacha go léir atá ina thimpeall: cloig, féilirí, comharthaí, srl.
- Comhair, comhair agus comhair arís: 'Cé mhéad bloc Legó atá agat?', 'Cé mhéad milseán a fuair tú?', 'An bhfaighfeá trí úll dom?'
- Déan suimiú simplí: 'Féach, chuir mé briosca amháin i do bhosca lóin agus anois tá mé ag tabhairt ceann eile duit. Cé mhéad atá agat anois?'
- Déan dealú simplí: 'Tá trí ispín sa chuisneoir, ach tá mé chun ceann a thógaint don tae. Cé mhéad a bheidh fágtha?'

**Féach ar phatrúin, meaitseáil, socrú:**

- Aimsigh patrúin dod pháiste: 'Déanann na stríocaí ar do léine patrún deas - dearg, gorm, glas, dearg, gorm, glas.' Iarr ar do pháiste leanúint leis an bpatrún.
- Cuirigí na héadaí glana ar leataobh lena chéile. Lig dod pháiste péirí a dhéanamh de na stocaí.
- Cabhraigh leis an siopadóireacht a shocrú, á cur sna cófraí cearta.

**Ag fiosrú spáis:**

- Tabhair árthaí móra agus beaga dó chun imirt leo sa bhfolcadán.
- Cuir míreanna mearaí simplí ar fáil.
- Bí ag caint mar gheall ar chlé agus deas.

# Cabhraigh led pháiste le mata

**Bí ag caint mar gheall ar mhata**

- Úsáid focail chun rudaí a chur i gcomparáid: Cé acu tráta is mó? Cé acu bosca gránbhairr is airde?
- Can amhráin a bhfuil uimhreacha iontu, ar nós: 'Seanfhear grinn, sheinn sé a haon....'
- Abair rannta beaga a bhfuil uimhreacha iontu: 'Aon, dó, asal is bó...'
- Léigh leabhair ina dtráchtar ar uimhreacha: 'Na Trí Mhuicín', 'An Chruimh Ocrach'.


**Bí ag caint mar gheall ar am**

- Cuir féilire san áit go bhfeicfidh do pháiste go fuirist é. Bain úsáid as le bheith ag caint ar laethanta na seachtaine. Marcáil an t-am tré líne a chur tríd na laethanta roimh lá breithe nó lá speisialta.
- Cuir do pháiste i dtaithí ar am tré na huimhreacha agus an t-am a aimsiú dó ar an gclog.
- Bain úsáid as an amchlár teilifíse chun féachaint cathain a bheidh do rogha clár teilifíse ar siúl.

**Úsáid airgead**

- Lig dod pháiste a fheiscint cén praghas atá ar rudaí agus tú ag siopadóireacht.
- Bí ag caint mar gheall ar an gcostas atá ar rudaí. Déan comparáid idir rudaí: 'Cosnaíonn na húlla 25c an ceann agus cosnaíonn na horáistí 15c. Is dóigh liomsa gur cheart dúinn na horáistí a cheannach.'
- Déan suas siopa bréige le do pháiste. Bailigh roinnt paicéidí, málaí agus stáin fholmha. Déan airgead bréige nó úsáid fíorairgead.

# Aird ar mhata




Ainm

Aois

**Déan fótacóip de réir mar is gá do gach leanbh**

# Mata sa mbaile

Cén ghníomhaíocht mhata ar bhain tú triail as an tseachtain seo?

Ar bhain tú féin is do pháiste taitneamh as an am seo?

Cén ghníomhaíochtaí eile ar mhaith leat triail a bhaint astu?

Cad a thug tú fé ndeara i dtaobh scileanna mata do pháiste ó **Aird ar Mhata**?

An bhfuil aon scil ba mhaith leat a chur le **Aird ar Mhata**?

# Breis ghníomhaíochtaí imeartha ag úsáid mata

- Ag comhaireamh méaranna agus órdóga
- Ag imirt le spólaí téad agus snátha
- Ag imirt 'siopa'
- Ag gléasadh teidí nó bábóga
- Ag imirt 'dul i bhfolach'
- Ag déanamh tigín nó puball imeartha
- Ag imirt le gaineamh nó le huisce
- Ag imirt bacóide
- Ag socrú bréagán
- Ag coimeád leabhar gearrthóg
- Ag déanamh cártaí
- Ag imirt cluichí tomhais

Do chuidse smaointe:

# Ag foghlaim ó chluichí

Cad a fhoghlaimíonn leanaí ó chluichí?

| Scileanna sóisialta | Scileanna smaointe |
|---|---|
| • treoracha a leanúint<br>• seansanna a ghlacadh<br>• foighne<br>• obair foirne<br>• ag caint agus ag éisteacht<br>• glacadh le buachtaint agus cailliúint<br>• freagracht a ghlacadh | • tabhairt fé ndeara<br>• díriú intinne<br>• scileanna cuimhne<br>• pleanáil<br>• straitéis a fhorbairt<br>• cinneadh a ghlacadh<br>• dul siar |
| **Scileanna léimh agus scríte** | **Scileanna mata** |
| • focail agus litreacha a aithint<br>• crotanna agus siombail a aithint<br>• fuaimeanna agus ríomeanna a chloisint<br>• rudaí a chur in ord<br>• ord aibítire a úsáid<br>• rudaí a thuar | • uimhreacha a aithint<br>• dathanna a aithint<br>• comhaireamh<br>• socrú agus meaitseáil<br>• ord uimhreach a úsáid<br>• rudaí a mheas |



# Cluichí cártaí

| | |
|---|---|
| Ábhair | Teastóidh cairtchlár (boscaí gránbhairr), rialóir, siosúr, stionsal nó pictiúirí eile, marcóirí. |
| Treoracha | Tomhais agus ansan gearr do chairtchlár ina chártaí cothroma.<br>Tarraing nó rianaigh nó clóigh rud amháin ar gach cárta chun an dá phéire a dhéanamh agus pacaí ina mbeidh trí de gach saghas. |
| Samplaí | Úlla, oráistí, bananaí; cairéidí, prátaí, píseanna; bróga, bútaisí, bróga reatha; sceana, forcanna, spúnóga; tarracóir, gluaisteán, leoraí. |
| Mar a imrítear | Is féidir ar a laghad trí shaghas de chluichí éagsúla a imirt leis na cártaí seo: |
| 'Ag iascaireacht' | Faigheann gach imreoir trí chárta. Scaiptear an chuid eile de na cártaí chun 'lochán' a dhéanamh. Is é cuspóir an chluiche ná go n-éireodh leat trí mheaits a dhéanamh. Glacann gach imreoir seans chun cárta a phiocadh ón 'lochán'. Is féidir an cárta seo a mheaitseáil lena leathphéire, a chaitheamh thar n-ais sa lochán, nó a choimeád agus cárta eile a chaitheamh thar n-ais. Cuirtear péirí lena n-aghaidh in airde ar an mbord chun gur féidir le gach éinne an meaits a fheiscint. Buann an chéad duine a dhéanann trí phéire. |

# Cluichí cártaí

| | |
|---|---|
| 1, 2, 3 Amach | Tá an cluiche seo an-chosúil le **'Ag Iscaireacht'** ach sa chluiche seo is é an cuspóir ná pacaí de thrí a iascach amach as an loch, (úll, óráiste, banana). Buann an chéad imreoir a dhéanann paca de thrí. |
| Meaitseanna | Scaiptear na cártaí amach, béal fúthu i bpatrún dronuilleogach (m.sh. 8 trasna agus 3 síos). Glacann gach imreoir a sheans chun dhá chárta a iompú. Más leathphéirí iad, coimeádann siad iad. Munab ea, iompaíonn siad béal fúthu arís iad. Leanann sé seo go dtí go bhfuil meaitseáil déanta ar na cártaí go léir. Buann an duine go mbíonn an méid is mó meaitseanna acu. |

**Bainfidh leanaí níos sine taitneamh as a bheith ag foghlaim cluichí cártaí agus úsáid á baint acu as fíorchártaí imeartha.**

# Cluichí cláir

Ábhair

Cluiche cláir, gréas roithleáin, cairtchlár (boscaí gránbhairr), comhaireoirí.

Treoracha

Roghnaigh téama dod chluiche, ansan déan do chluiche a chumadh bunaithe ar do théama.

Samplaí

Do chluiche siopadóireachta, líon isteach na spásanna folmha le pictiúirí de shaghasanna éagsúla bia, nó le pictiúirí de shiopaí nó lógónna.

Do chluiche a bhainfeadh leis an zú, líon isteach na spásanna folmha le pictiúirí d'ainmhithe coitianta ón zú, ar nós eilifint, moncaithe, tíogair, srl.

Do chluiche a bhaineann leis an mbaile mór, líon na spásanna folmha pictiúir le pictiúirí d'áiteanna a gheofaí sa mbaile mór, mar shampla, scoil, séipéal, oifig an phoist, srl.

Mar a imrítear


Castar an roithleán, agus bogtar an comhaireoir an méid ceart spásanna. Nuair a stopann imreoir ar spás ina bhfuil pictiúr, caithfidh sí ceist mar gheall ar an bpictiúr a fhreagairt.


Mar shampla

Cluiche zú - stopann an t-imreoir ar phictiúr d'eilifint agus fiafraíonn an tuismitheoir: 'cén dath atá ar eilifint?'


Má thugann an t-imreoir freagra ceart, bíonn seans eile aici.


Buann an chéad duine a shroicheann ceann scríbe.






Déan cóipeanna de réir mar is gá





Déan cóipeanna de réir mar is gá

# Míreanna mearaí

Ábhair

Teastóidh cairtchlár (boscaí gránbhairr), pictiúirí (grianghrafanna teaghlaigh a bheadh cóipeáilte agus méadaithe, pictiúirí ó irisí, líníochtaí, pictiúirí Clip-ealaíon), taos, siosúr.


Mar a dhéantar na míreanna mearaí

Roghnaigh pictiúr, gearr amach é agus ansan greamaigh leis an gcairtchlár é. Tabhair cúpla nóiméad dó le triomú. Néataigh an cairtchlár le siosúr timpeall na n-imeallacha. Gearr i gcrotanna éagsúla a thiocfaidh le chéile arís duit.

Mar a imrítear

Déanann na leanaí iarracht na míreanna a chur le chéile arís tré chrotanna agus pictiúirí a aithint agus a mheaitseáil.

Nuair a thagann an páiste ina thaithí seo agus nach dúshlán a thuilleadh di é, d'fhéadfá na píosaí a ghearradh níos lú, nó míreanna ó dhá cheann éagsúla a mheascadh agus iarraidh ar do pháiste an dá cheann a chur le chéile.



# Ag imirt cluichí

Cén cluiche a d'imir tú le do pháiste?

An raibh baill teaghlaigh eile páirteach sa chluiche?

Cé na scileanna mata a d'úsáid do pháiste i rith an chluiche?

An raibh codanna den chluiche a raibh ort a theacht i gcabhair ar do pháiste leo? Cad a dhein tú?

An úsáideann do pháiste mata i gcluichí eile nó in imirt ar bith? Tabhair samplaí.



## Canúint na Mumhan


Tionscnamh Foghlama Teaghlaigh an Chláir,
Lárionad Oideachais Aosaigh agus Phobail,
Páirc Ghnó Clonroad, Inis, Co. an Chláir.
Teil. (065) 6824819



Breacadh

NDP

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta | Department of Education and Science